2024/840

7.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/840 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Márta 2024

lena socraítear na dleachtanna allmhairiúcháin le haghaidh cineálacha áirithe ríse scilligthe ón 7 Márta 2024

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus, go háirithe Airteagal 183, an chéad fhomhír, pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gcomhaontú i bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a mhéid a bhaineann le modh ríofa na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an rís scilligthe, arna fhormheas le Cinneadh 2005/476/CE ón gComhairle ([2]), leagtar síos modh ríomha le haghaidh na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairí ríse scilligthe.

(2) Ar bhonn na faisnéise a chuir na húdaráis inniúla isteach, tugann an Coimisiún dá aire gur eisíodh ceadúnais allmhairiúcháin le haghaidh rís scilligthe atá faoin gcód NC 1006 20, cé is moite de cheadúnais allmhairiúcháin le haghaidh na ríse Basmati, maidir leis an gcainníocht 105 172 tona i gcomhair na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 29 Feabhra 2024. Dá bhrí sin, ba cheart coigeartú a dhéanamh ar an dleacht allmhairiúcháin le haghaidh na ríse scilligthe atá faoin gcód NC 1006 20, cé is moite den rís Basmati, ar dleacht í a shocraítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1701 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1701 a aisghairm.

(4) Ní mór an dleacht is infheidhme a shocrú laistigh de dheich lá tar éis dheireadh na tréimhse thuasluaite. Dá bharr sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm gan mhoill,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é 30 EUR in aghaidh an tona an dleacht allmhairiúcháin is infheidhme maidir leis an rís scilligthe atá faoin gcód NC 1006 20, cé is moite de na cineálacha ríse scilligthe Basmati a luaitear in Airteagal 2, an chéad mhír de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 ón gCoimisiún ([4]) .

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Cinneadh 2005/476/CE ón gComhairle an 21 Meitheamh 2005 maidir le tabhairt i gcrích comhaontaithe i bhfoirm Malartaithe Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá a mhéid a bhaineann le modh ríofa na ndleachtanna a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an rís scilligthe, agus lena leasaítear Cinntí 2004/617/CE, 2004/618/CE agus 2004/619/CE (IO L 170, 1.7.2005, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/476/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1701 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2023 lena socraítear na dleachtanna allmhairiúcháin le haghaidh cineálacha áirithe ríse scilligthe ón 7 Meán Fómhair 2023 (IO L 220 an 7 Meán Fómhair 2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1701/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2835 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le hallmhairiúchán sna hearnálacha ríse, gránach, siúcra agus leannlusanna, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 3330/94, (CE) Uimh. 2810/95, (CE) Uimh. 951/2006, (CE) Uimh. 972/2006, (CE) Uimh. 504/2007, (CE) Uimh. 1375/2007, (CE) Uimh. 402/2008, (CE) Uimh. 1295/2008, (CE) Uimh. 1312/2008 agus (AE) Uimh. 642/2010, (CEE) Uimh. 1361/76 (CEE) Uimh. 1842/81, (CEE) Uimh. 3556/87, (CEE) Uimh. 3846/87, (CEE) Uimh. 815/89, (CE) Uimh. 765/2002, (CE) Uimh. 1993/2005, (CE) Uimh. 1670/2006, (CE) Uimh. 1731/2006, (CE) Uimh. 1741/2006, (CE) Uimh. 433/2007, (CE) Uimh. 1359/2007, (CE) Uimh. 1454/2007, (CE) Uimh. 508/2008, (CE) Uimh. 903/2008, (CE) Uimh. 147/2009, (CE) Uimh. 612/2009, (AE) Uimh. 817/2010, (AE) Uimh. 1178/2010, (AE) Uimh. 90/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1373/2013 (IO L, 2023/2835, 21.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2835/oj).

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1701.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,

Ar son an Uachtaráin,

Wolfgang BURTSCHER

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe